*Cúirt an Ṁeán Oíċe*

*Ba ġnáṫ mé ag siúl le ciumais na haḃann*
*Ar ḃáinseaċ úr is an drúċt go trom,*
*In aice na gcoillte, i gcoim an tslé',*
*Gan ṁairg, gan ṁoill, ar ṡoilse an lae.*
*Do ġealaḋ mo ċroí nuair ċínn loċ Gréine,*
*An talaṁ, an tír, is íor na spéire;*
*Taitneaṁaċ aoibinn suíoṁ na sléibte*
*Ag bagairt a gcinn ṫar ḋroim a ċéile.*
*Do ġealfaḋ an croí ḃeaḋ críon le cianta,*
*Caite gan ḃrí, nó líonta de ṗianta,*
*An séiṫleaċ searḃ gan sealḃ gan saiḃreas*
*D'ḟéaċfaḋ tamall ṫar ḃarra na gcoillte*
*Ar laċain 'na scuainte ar ċuan gan ċeo*
*'S an eala ar a ḃfuaid 's í ag gluaiseaċt leo;*
*Na héisc le meiḋir ag éirí in airde,*
*Péirse im raḋarc go taibseaċ tarrḃreac,*
*Daṫ an loċa agus gorm na dtonn*
*Ag teaċt go tolgaċ torannaċ trom.*
*Ḃíoḋ éanlaiṫ i gcrainn go meiḋreaċ móṁar*
*Is léimneaċ eilte i gcoillte im ċóngar,*
*Géimreaċ aḋairce is raḋarc ar ṡlóite,*
*Tréanriṫ gaḋar is Reynard rómpu.*